

BÁD SHINÉAD NÍ SHEACHNÁSA

Bhí bád mór dhá chrann ag Sinéad Ní Sheachnasa. Timcheall 's cupla sgór tonna a bhí sí. Rinneadh í i Leitir Móir ag saortha an oileáin. Báthadh í ar an gcéad turas ariamh le lucht ceilpe. Badh mhór an feall a cailleadh. Bhí dhá sgór tonna ceilpe innte agus b'fhiú £10 an tonna í. Bhí an-chainnt ar an mbád sin. Dá mba sean-bhád féin í bheadh cainnt uirthé. Déanann bád nua uisge go minic. Bheadh poll gimléide innte nó ceall ruainne ócuim.

Fataí Inis Gé
A' teacht go hInis Léith
Agus an fear atá ina gclé
Is air atá an léin.

Duine ar bith a bhí ina gclé is beag de bharr a shaoghail a bhí aige. Bhíodh na fataí a thigeadh as Inis Gé le fághail ag na ceilpeadóirí in ómós na ceilpe. Nuair a bhíodh fataí gann cheannuigheadh Sinéad Ní Sheachnasa lucht fataí in Inis Gé le haghaidh na muinntire a bhíodh a' dógha ceilpe di. Ba léithe an cladach agus an fheamainn, agus bhí leath na ceilpe a' gul di as ucht sin. An leath eile don mhuinntir a dhéanadh í, agus péibí fataí a d'fhágaidís a bheith bainte as. Nuair a bhí fear ina gclé chaithfeadh sé ghul ag obair gan bhuidheachas dóibh.